C/2025/5177

25.9.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/5177)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Württemberg'

PDO-DE-A1276-AM02 — 1.7.2025

1. **Ainm an táirge**

'Württemberg'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☒ Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC)

☐ Tásc geografach faoi chosaint (TGFC)

☐ Tásc geografach (TG)

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☒ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Ghearmáin

5. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

Bundesministerium für Ernährung und Landwirtschaft und Verbraucherschutz

(BMLEH, an Aireacht Fheidearálach Talmhaíochta, Bia agus Céannachta Réigiúnaí)

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Is leasú caighdeánach é sin faoi Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

1. *Tuairisc ar an bhfíon/ar na táirgí fíniúna agus na saintréithe anailíseacha agus/nó orgánaileipteacha a bhaineann leis/leo*

Tuairisc:

Déanfar an tásc ar an neart alcóil nádúrtha íosta agus an meáchan úrfhíona nádúrtha íosta a chónascadh leis an bhfocal 'agus' amach anseo.

Soláthraíodh tuairisc orgánaileipteach ar na táirgí éagsúla.

Is leasú caighdeánach é sin faoi Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143. Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Cúiseanna:

Ós rud é go mbaintear an tábla comhshó níl bunús dlí ann a thuilleadh leis an tagairt don mheáchan úrfhíona nádúrtha íosta. Mar sin féin, ós rud é go n-oibríonn táirgeoirí sa chleachtas leis an Öchslegrade (scála an mheáchan úrfhíona), fanfaidh sé sin sa tsonraíocht táirge. Beidh an tásc ar an íosmhéid nirt alcóil nádúrtha agus an meáchan úrfhíona nádúrtha íosta measctha da bhrí sin leis an bhfocal 'agus'. Léirítear go soiléir leis sin nach mór do tháirgeoirí cloí le luach an íosmhéid nirt alcóil nádúrtha agus le luach an íosmheáchan úrfhíona nádúrtha má tá siad chun táirgí a mhargú mar ATFC 'Württemberg'. Rinneadh na tuairiscí ar shaintréithe orgánaileipteacha na bhfíonta níos caolchúisí chun na táirgí éagsúla a léiriú ar bhealach níos fearr. Is é an aidhm atá ann béim a leagan, ar an gcéad dul síos, ar shaintréithe orgánaileipteacha aonair na dtáirgí agus, ar an dara dul síos, ar an iliomad gnéithe a bhaineann leo. Murab ionann agus an tuairisc go dtí seo, ní mór na saintréithe sonracha a thaifeadadh ar bhealach níos tapúla agus níos mine.

2. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

Tuairisc:

Scriosadh na barúlacha a bhí ann roimhe seo agus rinneadh tagairt anois don reachtaíocht atá ann cheana maidir le cleachtais fhíoneolaíocha shonracha, srianta ábhartha ar chleachtais fíonóireachta agus saothraithe.

Is leasú caighdeánach é sin faoi Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143. Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Cúiseanna:

Leis an tagairt don reachtaíocht atá ann cheana, seachnaítear an t-atáirgeadh dearbhaitheach reachtaíochta sa tsonraíocht táirge go dtí seo. Dá bhrí sin, déanfar an tsonraíocht táirge a chuíchóiriú agus a shoiléiriú ar mhaithe leis an léitheoir, agus is féidir leis an léitheoir a fheiceáil nach sáraíonn aon srian an dlí is infheidhme.

3. *Cineálacha fíonchaor*

Tuairisc:

Amach anseo, liostófar na cineálacha fíniúna faoi na ceannteidil 'cineálacha fíonchaor geal' agus 'cineálacha fíonchaor dearg' in ionad 'fíonta geala' agus 'fíonta dearga agus rosé'.

In Baden-Württemberg, cuireadh na cineálacha seo a leanas isteach faoi 'cineálacha fíonchaor geal':

Alvarinho, Aromera, Blauer Silvaner, Blütenmuskateller, Cabernet Blanc, Calardis Blanc, Calardis Musqué, Chenin Blanc, Donauriesling, Donauveltliner, Fidelio, Floreal, Gm 7116-1, Goldmuskateller, Goldriesling, Grüner Veltliner, Nobling, Ortega, Petit Manseng, Phoenix, Pinot Iskra, Prinzipal, Rabaner, Rieslaner, Rosa Chardonnay, Saphira, Sauvignac, Sauvignon Gris, Sauvignon Sary, Sauvitage, Savagnin Blanc, Savilon, Schönburger, Sémillon, Soreli, Roter Traminer, VB-32-7, Veritage, We 06-734-42, We 70-259-10, We 70-274-12, We 88-96-68, We 88-98-31, We 98-522-4, We S 503, We S 509

In Baden-Württemberg, cuireadh na cineálacha seo isteach leis faoi 'cineálacha fíonchaor dearg':

Accent, Barbera, Blauburger, Blauer Elbling, Blauer Zweigelt, Cabaret Noir, Cabernet Cantor, Cabernet Carol, Cabernet Jura, Cabertin, Calabrese, Carménère, Dakapo, Divico, Domina, Gamaret, Garanoir, Lagorthi, Laurot, Léon Millet, Levitage, Maréchal Foch, Marselan, Merlot Khorus, Montepulciano, Petit Verdot, Pinotin, Piroso, Primitivo, Reberger, Roesler, Rondo, Rotberger, Sangiovese, Satin Noir, Schwarzer Urban, Sulmer, Tannat, Touriga nacional, VB 91-26-26, VB 91-26-6, VB Cal 1-22, VB Cal 1-28, We 06-940-37, We 73-45-84, We 77-70-84, We 86-710-15, We 90-6-12, We 93-13-68, We 94-26-36, We 94-28-32, We 94-33-54, Wildmuskat

Sa Bhaváir, cuireadh na cineálacha seo a leanas isteach faoi 'chineálacha fíonchaor geal':

Cabernet Blanc, Goldmuskateller, Grüner Veltliner, Muscaris, Ruländer, Sauvitage, Sauvignac, Souvignier Gris

Sa Bhaváir, cuireadh na cineálacha seo a leanas isteach faoi 'chineálacha fíonchaor dearg':

Cabertin, Maréchal Foch, Pinotin.

Is leasú caighdeánach é sin faoi Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143. Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Cúiseanna:

Amach anseo, beidh na cineálacha fíonchaor liostaithe faoi na ceannteidil 'cineálacha fíonchaor geal' agus 'cineálacha fíonchaor dearg' seachas 'fíonta geala' agus 'fíonta dearga agus rosé', ós rud é gurb é an liosta de chineálacha fíonchaor sa tsonraíocht táirge, seachas an táirge deiridh, a chinneann cibé acu an féidir nó nach féidir cineálacha a shaothrú.

Bhí an liosta de chineálacha fíonchaor a bhí ann roimhe sin neamhiomlán agus forlíonadh é leis na cineálacha a údaraíodh roimhe sin faoi shaothrú turgnamhach.

Fástar raon leathan cineálacha fíniúna in Württemberg, rud atá le léiriú i sonraíocht táirge ATFC Württemberg. Tá béim ar chineálacha idirnáisiúnta fíniúna atá tagtha chun bheith forleathan cheana féin mar gheall ar a gcumas oiriúnú. Dírítear freisin ar 'chineálacha fíniúna atá frithsheasmhach in aghaidh na bhfungas', mar a thugtar orthu, a rannchuidíonn go mór, mar gheall ar an ngá laghdaithe suntasach atá acu le táirgí cosanta plandaí, le húsáid fhoriomlán lotnaidicídí a laghdú agus tacú le méadú ar fhíonsaothrú orgánach. Tá na cineálacha atá liostaithe den chéad uair á saothrú agus tá a n-oiriúnacht cruthaithe acu cheana féin. Comhlíonann na fíonta a tháirgtear uathu ceanglais na sonraíochta táirge.

4. *Ceanglais is infheidhme faoi reachtaíocht an Aontais nó reachtaíocht náisiúnta/ceanglais atá leagtha síos ag eagraíocht a bhfuil an ATFC/TGFC á bhainistiú aici*

Tuairisc:

Le pointe 5 (pointe 1 roimhe seo) den tsonraíocht táirge, soiléirítear cé na téarmaí traidisiúnta atá sainordaitheach agus cé na téarmaí atá roghnach maidir le lipéadú fíonta agus táirgí fíona.

Liostaítear i bpointe 10.2 den tsonraíocht táirge anois na rialacha maidir le haonaid gheografacha níos lú. Déantar cur síos ann ar an gcaoi agus ar a mhéid a sholáthraíonn an clár fíonghort liosta ainmneacha na limistéar, na bhfíonghort mórscála agus aonair agus na gcóras páirce oscailte a fhéadfar a úsáid mar limistéir gheografacha níos lú. Leagtar amach ann an fhreagracht as clár na bhfíonghort a bhainistiú agus na bunúis dlí atá mar bhonn taca faoina chruthú agus faoina bhainistíocht.

Luaitear i bpointe 10.3 den tsonraíocht táirge, ó bhliain an fhíona 2030 ar aghaidh, nach bhféadfaidh tréith roghnach a bheith ach ag fíonta leath-thirime, leathmhilse agus milse.

Luaitear i bpointe 10.5 den tsonraíocht táirge, ó bhliain an fhíona 2026 ar aghaidh, nach bhféadfar ach fíonta a tháirgtear i gcomhréir leis na ceanglais dhlíthiúla maidir le fíonta arna mbuidéalú ag an táirgeoir, nó ar thalamh an eastáit nó an chaisleáin, a mhargú mar fhíonta áitiúla agus mar fhíonta ó fhíonghort aonair.

Ceanglaítear le pointe 10.6 den tsonraíocht táirge go gceadaítear gach cineál a liostaítear faoin roinn 'Cineálacha fíonchaor údaraithe' mar fhíonta ó fhíonghort aonair.

Is leasú caighdeánach é sin faoi Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143. Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Cúiseanna:

Is é is aidhm do na rialacha leasaithe maidir le téarmaí traidisiúnta soiléiriú a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanfar fíonta agus táirgí fíona ATFC Württemberg a lipéadú sa bhreis ar an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint atá ann cheana. Tá na leasuithe bunaithe ar oiriúnú riachtanach don staid dhlíthiúil atá ann faoi láthair.

Tagraíonn an fhoráil i bpointe 10.2 den tsonraíocht táirge don chlár fíonghort mar chlár de thásca geografacha atá níos lú ná ATFC Württemberg. Is é is cuspóir don tagairt sin a shoiléiriú cé na tásca geografacha níos lú is féidir a úsáid i gcomhar le ATFC Württemberg, feidhm an chláir fíonghort a mhíniú mar liosta d'aonaid gheografacha níos lú agus inniúlacht a shannadh de réir mar is iomchuí.

Tá laghdú suntasach tagtha ar mhéid na bhfíonta a mhargaítear le tréithe ar leith le blianta beaga anuas agus níl ann ach thart ar 4 % den toirt iomlán sa lá atá inniu ann. Níl aon saintréith ar leith ag formhór mór fhíonta Württemberg. Foráiltear leis an Reacht Feidearálach um Fhíon (Weinverordnung) go bhféadfadh sé nach mbeadh saintréithe ar leith ag fíonta Großes Gewächs agus nach mór iad a fhorbairt go heisiach mar fhíonta tirime. Chun na ceanglais maidir le Großes Gewächs a chur i bhfeidhm ar an bpirimid cháilíochta iomlán le haghaidh Württemberg, ó bhliain an fhíona 2030 ar aghaidh, d'fhéadfadh sé nach mbeadh saintréithe speisialta ag fíonta tirime a thuilleadh i gcomhréir le pointe 10.3 den tsonraíocht táirge.

Le pointe 10.5 den tsonraíocht táirge, tugtar isteach foráil nua maidir le fíon áitiúil agus fíon ó fhíonghort aonair a bhuidéalú. Sainítear leis an nGníomh Feidearálach um Fhíon (Weingesetz) na ceanglais maidir le fíonta arna mbuidéalú ag an táirgeoir, nó ar thalamh an eastáit nó an chaisleáin. Léiríonn na foirmeacha buidéalaithe barántúlacht na mbunaíochtaí agus a n-inchreidteacht. Is féidir le tomhaltóirí an phirimid cháilíochta nua a úsáid chun tionscnamh na bhfíonchaor a chinneadh. Chun breisluach réigiúnach a chaomhnú agus achair fhada iompair a sheachaint ar chúiseanna comhshaoil, ó bhliain an fhíona 2026 ar aghaidh, ní fhéadfar ach fíonta a tháirgtear i gcomhréir le ceanglais áirithe a mhargú le stádas fíona áitiúil nó fíonghort aonair.

Braitheann Württemberg ar éagsúlacht na gcineálacha fíonchaor dearg agus geal. Ní féidir a thuiscint ó na sonraí maidir le tástáil fíona ar ardchaighdeán nach ndéantar ach cineálacha fíonchaor aonair a mhargú faoi láthair mar fhíonta ó fhíonghort aonair. De réir mhír 39 fomhír 1 den Reacht um Fhíon (Weinverordnung, WeinV), ní mór cineálacha fíonchaor a shainiú le haghaidh na bhfíonta ó fhíonghort aonair. Chinn an comhlachas cosanta gur féidir gach cineál fíonchaor a mhargú mar fhíonta ó fhíonghort aonair faoi láthair, agus leag sé amach an fhoráil sin i bpointe 10.6 den tsonraíocht táirge. Tá an cur chuige sin i gcomhréir leis an *status quo* a choinneáil ar bun. Is féidir glacadh leis nach féidir líon mór fíonta ó fhíonghort aonair a mhargaítear faoi láthair (thart ar 16 % den toirt a úsáidtear sa tástáil fíona ardcháilíochta) a thairiscint a thuilleadh ó 2026 ar aghaidh mar gheall ar an Reacht leasaithe um Fhíon, (meáchan úrfhíona íosta le haghaidh fhíon Kabinett, an dáta scaoilte margaidh is luaithe: an 1 Márta den bhliain tar éis na buainte, deireadh a chur leis an bpobal tagartha). Tá foirm na pacáistíochta (buidéal gloine 0,75 lítear) sainordaitheach ó bhliain fíona 2030 ar aghaidh, i gcomhréir le cinntí ón gcomhlachas cosanta. Is féidir le cineálacha fíonchaor an fhíonghoirt aonair a bheith ina gcomhpháirt fhíor-riachtanach i bpróifíliú ATFC Württemberg. Tá roinnt mhaith gabháltas ag cur a struchtúr raoin in oiriúint don Reacht Feidearálach um Fhíon arna leasú faoi láthair. Léireofar sna chéad bhlianta eile cé na torthaí a bheidh ábhartha mar fhíonta ó fhíonghort aonair. Dá réir sin, d'fhéadfaí cinntí breise a dhéanamh chun srian a chur le liosta na gcineálacha.

5. *Comhlacht rialúcháin*

Tuairisc:

Baineadh na húdaráis rialaithe agus a gcúraimí den tsonraíocht táirge agus liostaítear iad i ndoiciméad ar leithligh.

Is leasú caighdeánach é sin faoi Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143. Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Cúiseanna:

Ní gá faisnéis faoi údaráis rialaithe a áireamh sa tsonraíocht táirge, ach féadfar í a chur ar fáil i ndoiciméad ar leithligh. Simplíonn sé sin nuashonruithe ina dhiaidh sin toisc nach bhfuil leasuithe ná scriosadh sa doiciméad ar leithligh faoi réir an nós imeachta le haghaidh leasuithe caighdeánacha.

6. *Eile*

Rinneadh athruithe eagarthóireachta i gcomhréir le ceanglais an Aontais.

Scriosadh sleachta sa téacs ina n-atáirgtear rialacha atá ann go ginearálta agus cuireadh isteach tagairt don 'dlí is infheidhme'.

Rinneadh struchtúr na sonraíochta táirge a chur i gcomhréir leis an doiciméad aonair.

D'ainneoin go ndearnadh áiteanna áirithe a chur isteach agus a scriosadh, níl aon athrú ar chríochú an limistéir. Ní thugtar ach forbhreathnú ar *status quo* na talún faoi fhíniúnacha ar an léarscáil saothraithe fíniúnacha agus ar na limistéir ar a dtugtaí an 'Speckgürtel' (na limistéir máguaird) roimhe seo. An tráth céanna, cuireadh le ceantair a bunaíodh as an nua tar éis athchóirithe polaitiúla nó fágadh ar lár de dhearmad ón liosta iad mar gheall ar léarscáil neamhiomlán d'fhás fíniúnacha. Cuireadh na huimhreacha cadastracha faoi seach idir lúibíní tar éis ainmneacha na gceantar aonair.

Soiléiríodh an nasc leis an limistéar i roinnt áiteanna. Meastar gur leasuithe caighdeánacha iad na hathruithe sin i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 toisc nach gcuireann siad an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní.

Is leasú caighdeánach é sin faoi Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143. Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Cúiseanna:

Rinneadh athruithe eagarthóireachta chun ceanglais an Aontais a chomhlíonadh.

Leasaíodh sleachta sa téacs a atáirgeann rialacha atá ann cheana féin dá réir sin agus cuireadh tagairt don 'dlí is infheidhme' isteach anois. Bhí gá leis sin chun soiléiriú a dhéanamh ar na háiteanna nach léiríonn an tsonraíocht táirge ach an staid dhlíthiúil.

Cuireadh struchtúr na sonraíochta táirge in oiriúint don doiciméad aonair chun inléiteacht na sonraíochta táirge a fheabhsú agus chun comhsheasmhacht foirme agus ábhair a bhaint amach idir an dá dhoiciméad.

Níor athraíodh críochú an limistéir. Sa tsonraíocht táirge, cuireadh le ceantair a bunaíodh as an nua tar éis athchóirithe polaitiúla nó fágadh ar lár de dhearmad ón liosta iad mar gheall ar léarscáil neamhiomlán d'fhás fíniúnacha. Ar an gcaoi chéanna, ní athraíonn scriosadh na gceantar sa tsonraíocht táirge críochú an limistéir agus níl ann ach toradh ar athchóirithe polaitiúla sa tsonraíocht freisin.

Chun soiléireacht níos fearr a ráthú, cuireadh na huimhreacha cadastracha in iúl idir lúibíní tar éis na logainmneacha.

Ní mór limistéar ATFC Württemberg a shainiú ar bhealach chun aon débhríocht a sheachaint. Is é is cúis leis sin ligean do tháirgeoirí, do na húdaráis inniúla agus do na comhlachtaí rialúcháin an limistéar geografach a shainaithint go soiléir. Is féidir an críochú beacht a fheiceáil ar léarscáileanna ar a dtaispeántar na fíonghoirt sna bardais, agus iad críochaithe de réir na dáileachta, ag www.ble.de/eu-qualitaetskennzeichen-wein.

Soiléiríodh an tuairisc ar an nasc leis an limistéar geografach chun an tsonraíocht táirge a oiriúnú d'fhírinne na ndálaí ar an talamh. Roimhe seo, ba sa doiciméad aonair amháin a léiríodh na catagóirí de tháirgí fíniúna. Mar thoradh ar an iarratas seo, léireofar iad freisin sa tsonraíocht táirge. Is ábhar breise eagarthóireachta amháin é seo agus dá bhrí sin meastar gur leasú caighdeánach é.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Württemberg

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3. Fíon licéir

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

8. Fíon leathshúilíneach

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 — DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 – fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

4.1. *Fíon, geal*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cuma: Is iondúil go mbíonn dath buí éadrom air a bhféadfadh toin beagán scothghlas a bheith air freisin, agus a d'fhéadfadh claonadh i dtreo an speictrim órbhuí nó i dtreo ton dearg lonrach, ag brath ar an gcineál agus ar bhliain an fhíona.

Blas: Blas torthaíoch agus aigéadacht inaitheanta. Tá blasanna spíosracha inaitheanta freisin, ag brath ar an gcineál agus ar an mbliain fíona.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta:

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

4.2. *Fíon, dearg*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cuma: ag brath ar an gcineál, idir dearg éadrom agus donnrua, dath an rúibín, dath an ghairnéid, corcairdhearg, corcairghorm, idir scothghorm agus dubh nó b'fhéidir toin donn freisin.

Blas: Blasanna inaitheanta torthaí agus tainniní, uaireanta le blasanna spíosracha breise.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta:

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

4.3. *Fíon, rosé*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cuma: Dath idir éadrom agus dearg éadrom, le roinnt fíonta a bhfuil fordhathanna scothdhearga orthu ag brath ar an gcineál.

Blas: Bláthanna, torthaí agus spíosraí; ag brath ar na cineálacha fíniúna agus ar an aois, atá galánta go tathagach, le haigéadacht íseal den chuid is mó agus nóta aigéid taitneamhach, le blasanna íosta tainnine ar a mhéad.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta:

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

4.4. *Weissherbst*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cuma: Is iondúil go mbíonn toin éadroma scothdhearga mar shaintréith acu, agus d'fhéadfadh sé claonadh i dtreo an speictrim órbhuí nó i dtreo ton dearg lonrach nádúrtha.

Blas: Blas torthaíoch inaitheanta.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta:

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

4.5. *Blanc de Noir*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cuma: Dathanna fíona ghil.

Blas: dea-bholaithe a thugann bláthanna, torthaí agus spíosraí le fios den chuid is mó, ag brath ar na cineálacha fíonchaor a úsáidtear agus ar an aibíocht, blas idir éadrom agus tathagach, le blas taitneamhach aigéid agus blasanna íosta tainnine ar a mhéad.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta:

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

4.6. *Fíon, Schillerwein (Siller)*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cuma: Dath idir dearg éadrom agus dearg geal.

Blas: Blas torthaíoch inaitheanta.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta:

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

4.7. *Fíon, Rotling*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cuma: Dath idir dearg éadrom agus dearg geal.

Blas: Blas torthaíoch inaitheanta.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta:

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

4.8. *Prädikatswein Auslese (fíon ag a bhfuil gné ar leith 'Auslese')*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cuma: Tá dath na bhfíonta cosúil le dath an Qualitätsweine chomhfhreagraigh (fíonta ar ardchaighdeán). De réir mar a aibíonn siad, d'fhéadfadh dath ómra a theacht ar fhíonta geala go háirithe.

Blas: Mar gheall ar neart alcóil nádúrtha de réir toirte eastóscáin níos airde de ghnáth, flúirse inbhraite agus corp teimhneach.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta:

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

4.9. *Fíonta ag a bhfuil gnéithe ar leith (Beerenauslese agus Trockenbeerenauslese)*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cuma: D'fhéadfadh dath ómra a theacht ar fhíonta geala de réir mar a aibíonn siad.

Blas: Mar gheall ar lobhadh uasal nó triomú na bhfíonchaor, tá comhchruinniú nádúrtha dea-bholaithe, neart alcóil nádúrtha agus eastóscáin atá ann cheana ann. Tá dea-bholadh dian ar na fíonta.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta:

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

4.10. *Prädikatswein Eiswein (fíon ag a bhfuil gné ar leith 'Eiswein')*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cuma: Tá dath na bhfíonta cosúil le dath an Qualitätsweine chomhfhreagraigh (fíonta ar ardchaighdeán). De réir mar a aibíonn siad, d'fhéadfadh dath ómra a theacht ar fhíonta geala go háirithe.

Blas: aigéadacht inaitheanta i gcomhar leis an milseacht iarmharach atá i láthair.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta:

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

4.11. *Fíon súilíneach ar ardchaighdeán, geal*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cuma: Braitheann an speictream datha de ghnáth ar an gcineál bunfhíonta a úsáidtear. Dá thoradh sin, d'fhéadfadh dath idir buí éadrom agus beagán scothghlas agus órga a bheith sa speictream dathanna; boilgeoga míne nó cúr mín (súilíneach).

Blas: Blas torthaíoch agus aigéadacht inaitheanta.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta:

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

4.12. *Fíon súilíneach ar ardchaighdeán, dearg*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cuma: Braitheann an speictream datha de ghnáth ar an gcineál bunfhíonta a úsáidtear. Ag brath ar an gcineál, idir dearg éadrom agus donnrua, dath an rúibín, dath an ghairnéid, corcairdhearg, corcairghorm, idir scothghorm agus dubh nó b'fhéidir toin donn freisin; boilgeoga míne nó cúr mín (súilíneach).

Blas: Marcáilte go horgánaileipteach le blasanna inaitheanta torthaí agus tainnine.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta:

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

4.13. *Fíon súilíneach ar ardchaighdeán, rosé*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cuma: Braitheann an speictream datha de ghnáth ar an gcineál bunfhíonta a úsáidtear. Dath idir dearg éadrom agus dearg geal; fordhathanna scothdhearga orthu ag brath ar an gcineál; boilgeoga míne nó cúr mín (súilíneach).

Blas: Bláthanna, torthaí agus spíosraí; ag brath ar na cineálacha fíniúna agus ar an aois, bíonn blas idir éadrom agus tathagach orthu, le haigéadacht íseal den chuid is mó ach blasanna íosta tainnine ar a mhéad.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta:

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

4.14. *Fíon súilíneach ar ardchaighdeán, Rotling*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cuma: Braitheann an speictream datha de ghnáth ar an gcineál bunfhíonta a úsáidtear. Dath idir dearg éadrom agus dearg geal; boilgeoga míne nó cúr mín (súilíneach).

Blas: Blas torthaíoch inaitheanta.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta:

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

4.15. *Fíon leathshúilíneach, geal*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cuma: Buí éadrom le himreacha scothghlasa go buí teile; boilgeoga míne.

Blas: saintréithe cineálacha ar leith; dea-bholaithe nádúrtha a mhéadaítear mar gheall ar dhé-ocsaíd charbóin a bheith ann; torthaí suntasacha; úire bhreise; dea-bholaithe bláthacha; blasanna torthaí coimhthíocha; blasanna sú craobh, silíní agus sú talún.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta:

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

4.16. *Fíon leathshúilíneach, rosé*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cuma: fordhathanna bándearga agus scothdhearga; boilgeoga míne.

Blas: saintréithe cineálacha ar leith; dea-bholaithe nádúrtha a mhéadaítear mar gheall ar dhé-ocsaíd charbóin a bheith ann; torthaí suntasacha; úire bhreise; dea-bholaithe bláthacha; blasanna torthaí coimhthíocha; blasanna sú craobh, silíní agus sú talún.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta:

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

